An Ard-Stiúrthóireacht um Fhuinneamh

Foilsiú folúntais maidir le post an Leas-Ardstiúrthóra atá freagrach as Beartais Euratom a Chomhordú (Grád AD 15)

(Airteagal 29(2) de na Rialacháin Foirne)

COM/2025/10473

Cé sinn

Is é misean na hArd-Stiúrthóireachta um Fhuinneamh (AS ENER) rochtain ar fhuinneamh inacmhainne, slán, iontaofa agus glan a áirithiú do shaoránaigh agus do ghnólachtaí uile na hEorpa; táirgeadh agus úsáid éifeachtúil fuinnimh a chur chun cinn; dlús a chur leis an bpróiseas trína ndéanfar den Eoraip an chéad mhór-roinn aeráidneodrach, faoi 2050, agus ag an am céanna rannchuidiú le fás inbhuanaithe na hEorpa agus le cruthú post.

Leagann AS ENER amach beartais chun córas fuinnimh nuálach, athléimneach agus comhtháite a fhorbairt, córas lena ndéantar fuinneamh inacmhainne, slán, iontaofa agus glan a sholáthar do na saoránaigh agus do ghnólachtaí ar bhonn leanúnach, i gcomhréir leis an gComhaontú Glas, rud a treisíodh leis an gComhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan, agus le REPowerEU.

Féachann an Ard-Stiúrthóireacht um Fhuinneamh le hAontas Fuinnimh láidir a chur i gcrích trí rialachas a leagan amach atá níos simplí agus níos éifeachtaí ná rialachas an ama atá caite, agus a bheidh slán i bhfad na haimsire, trí dheireadh a chur le bacainní ar an aistriú fuinnimh, agus trí réitigh fuinnimh a spreagadh a chuirfidh seoladh faoin aistriú chuig an aeráidneodracht agus a fhágfaidh gur féidir fuinneamh a cheannach ar phraghas réasúnta, agus chomh maith leis sin, déanann sí fás inbhuanaithe na hEorpa agus cruthú post a chur chun cinn. De bharr an aistrithe, déanfar rannpháirtíocht tomhaltóirí in éifeachtúlacht fuinnimh agus i dteicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn agus a fhorbairt, sin agus infheistíochtaí faoi thionchar an mhargaidh sna réimsí céanna, sa chaoi go gcuirfear borradh faoi cheannaireacht dhomhanda an Aontais, agus déanfar an spleáchas fuinnimh agus billí allmhairiúcháin a laghdú ag an am céanna.

Tá trí phost Leas-Ardstiúrthóra ag gabháil le struchtúr eagrúcháin AS ENER.

An Leas-Ardstiúrthóir atá freagrach as beartais Euratom a chomhordú, comhordaíonn sé agus stiúrann sé dhá Stiúrthóireacht, mar atá an Stiúrthóireacht a phléann le 'Fuinneamh Núicléach, Sábháilteacht agus ITER' (ENER.D) agus an ceann a phléann le 'Coimircí Euratom' (ENER.E), agus is i Lucsamburg atá láthair oibre an dá stiúrthóireacht céanna. Rud eile atá de chúram ar an Leas-Ardstiúrthóir is ea dlúth-chomhordú beartais i gcomhar le Gníomhaireacht Soláthair Euratom maidir le gach ábhar a bhaineann le slándáil an tsoláthair sa réimse núicléach.

An tairiscint

Faoi mhaoirseacht an Ard-Stiúrthóra déanfaidh an t-iarrthóir rathúil an méid seo a leanas:

- cabhrú leis an Ard-Stiúrthóir an Ard-Stiúrthóireacht a bhainistiú, trí bheith ag comhordú Stiúrthóireachtaí D agus E go díreach agus ag rannchuidiú le clár oibre AS ENER, i measc nithe eile;

- comhairle a chur ar an Ard-Stiúrthóir maidir le straitéis an Aontais i ndáil leis an bhfuinneamh núicléach, agus é ag díriú ar an tsábháilteacht, ar an Straitéis don Aontas Fuinnimh agus ar Straitéis Eorpach um Shlándáil Fuinnimh;

- cur chuige straitéiseach a fhorbairt maidir le teicneolaíochtaí núicléacha atá ag teacht chun cinn a chur in úsáid go luath san Eoraip (e.g. Imoibreoirí Modúlacha Beaga);

- comhordú, cur chun feidhme agus oibriú an chórais reatha Coimircí Euratom a áirithiú de réir Rialachán athbhreithnithe (2025/974);

- maoirseacht bheartais a áirithiú i ndáil le cláir um dhíchoimisiúnú núicléach sa Bhulgáir, sa tSlóvaic agus sa Liotuáin;

- dul i gcomhairle le seirbhísí eile de chuid an Choimisiúin maidir le saincheisteanna núicléacha agus saincheisteanna a bhaineann le cosaint ar radaíocht, agus maoirseacht a dhéanamh ar rannchuidiú AS ENER le comhairliúcháin idirsheirbhíse;

- teagmháil iomchuí le Gníomhaireacht Soláthair Euratom a áirithiú, chomh maith le comhordú iomchuí i gcomhar léi;

- rannchuidiú le comhordú an chaidrimh idirnáisiúnta idir Comhphobal Euratom, tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta (e.g. GIFA, ECFE), is é sin trí chomhaontuithe idirnáisiúnta a chaibidliú agus a áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad;

- rannchuidiú le forbairt straitéise um fhuinneamh comhleá núicléach, tríd an tionscadal ITER i measc nithe eile, trína áirithiú go ndéanfar ionadaíocht éifeachtach ar Chomhphobal Euratom i dtaca le rialachas an tionscadail ar an leibhéal idirnáisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach;

- a áirithiú go gcuirfear chun feidhme an Plean Gníomhaíochta um an gClár Oibre Straitéiseach maidir le Feidhmeanna na Radaíochta Ianúcháin Leighis — SAMIRA, go háirithe maidir le slándáil an tsoláthair raidiseatóp míochaine san Aontas;

- socruithe slándála a chomhordú (i ndlúthchomhar leis an Ard-Stiúrthóireacht um Acmhainní Daonna) maidir le gníomhaíochtaí núicléacha agus saotharlanna núicléacha i Lucsamburg;

- ionadaíocht a dhéanamh ar AS ENER i gcaidreamh seachtrach agus i ngníomhaíochtaí idirnáisiúnta i réimse an fhuinnimh núicléach, caibidlíocht leis na Ballstáit agus le tríú tíortha san áireamh;

- ionadaíocht a dhéanamh ar an gCoimisinéir/Ard-Stiúrthóir in imeachtaí seachtracha agus inmheánacha nó i gcruinnithe le hInstitiúidí Eorpacha eile agus le Ballstáit.

Cad atá á lorg againn (na critéir roghnúcháin)

Ba cheart na nithe seo a leanas a bheith ag iarrthóirí:

<u>Buanna pearsanta</u>

- Scileanna anailíseacha an-mhaith agus an cumas fadhbanna eagrúcháin agus oibríochta a réiteach.

- Taithí ar ionadaíocht ardleibhéil a dhéanamh ar eagraíocht go hinmheánach agus go seachtrach araon, chomh maith le sárscileanna cumarsáide agus caibidlíochta chun teagmháil ardleibhéil a thosú agus a choinneáil ar bun laistigh den Choimisiún, le hinstitiúidí eile de chuid an Aontais agus le hinstitiúidí idirnáisiúnta, leis na Ballstáit, agus le páirtithe leasmhara ábhartha eile.

- Iontaofacht, an cumas déileáil le dálaí éagsúla, agus an cumas brú a sheasamh, mar aon le tiomantas láidir do luachanna na seirbhíse poiblí agus do ghnóthú na gcuspóirí eagraíochtúla.

<u>Sainscileanna agus saintaithí</u>

- Eolas agus tuiscint an-mhaith ar bheartais agus ar thosaíochtaí an Choimisiúin.

- Eolas agus tuiscint an-mhaith ar bheartas fuinnimh na hEorpa, go háirithe ó thaobh bheartas fuinnimh núicléach an Aontais faoi Chonradh Euratom.

- Tuiscint an-mhaith ar na cumhachtaí dlíthiúla arna mbronnadh ar an gCoimisiún Eorpach faoi Chonradh Euratom, e.g. maidir le Coimircí Euratom.

- Tuiscint an-mhaith ar an ollstruchtúr sábháilteachta idirnáisiúnta agus ar ollstruchtúr sábháilteachta na hEorpa.

Scileanna bainistíochta

- Cumas cruthaithe acmhainní daonna, buiséadacha agus airgeadais a phleanáil agus a bhainistiú go héifeachtach ar leibhéal ard bainistíochta, agus dea-theist maidir leis an méid sin.

- Breithiúnas polaitiúil an-mhaith agus tuiscint ar thimpeallacht pholaitiúil chasta, an cumas fís chomhtháite a fhorbairt maidir leis an mbeartas fuinnimh, go háirithe sa réimse núicléach, agus fís straitéiseach shoiléir maidir le gníomhaíochtaí an Ard-Stiúrthóra.

- Taithí chruthaithe ar an mbainistíocht shinsearach agus scileanna láidre ceannaireachta, chomh maith leis an gcumas foirne móra a stiúradh, a spreagadh agus a ghríosadh chun gnímh in Ard-Stiúrthóireacht ina bhfuil foireann gairmithe ardoilte, agus ina bhfuil éagsúlacht ag baint leis an bhfoireann chéanna.

Ní mór d'iarrthóirí na ceanglais seo a leanas a chomhlíonadh (ceanglais incháilitheachta)

Ní chuirfear san áireamh le haghaidh na céime roghnúcháin ach iarrthóirí a chomhlíonfaidh na ceanglais fhoirmiúla seo a leanas **faoin sprioc-am maidir le hiarratais**:

- Náisiúntacht: ní ghlacfar le hiarratas ach ó dhaoine a bhfuil saoránacht ceann de na Ballstáit acu.

- Céim ollscoile nó dioplóma: ní mór d'iarrthóirí:

  - leibhéal oideachais a bheith acu is comhionann le cúrsa iomlán ollscoile ar baineadh dioplóma amach dá bharr i gcás ina maireann an ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile 4 bliana nó níos mó;

  - sin nó leibhéal oideachais a bheith acu is comhionann le cúrsa iomlán ollscoile ar baineadh dioplóma amach dá bharr agus taithí ghairmiúil iomchuí dar fad bliain amháin ar a laghad i gcás ina maireann an ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile 3 bliana ar a laghad (ní féidir an bhliain sin de thaithí ghairmiúil a chur san áireamh sa taithí ghairmiúil iarchéime a iarrtar thíos).

  Ní ghlacfar ach le dioplómaí a bronnadh i mBallstát den Aontas Eorpach nó le dioplómaí a bhfuil teastais chomhluacha ag gabháil leo a d'eisigh na húdaráis i gceann de na Ballstáit sin.

- Taithí ghairmiúil: ní mór d'iarrthóirí 15 bliana ar a laghad de thaithí ghairmiúil iarchéime [1] a bheith acu ar leibhéal ar féidir le duine tosú air ach na cáilíochtaí dá dtagraítear thuas a bheith aige.

[1] Ní chuirtear taithí ghairmiúil san áireamh ach amháin más caidreamh oibre iarbhír atá i gceist léi, caidreamh arb é an sainmhíniú atá air fíorobair a bhfuarthas pá aisti i gcáil fostaí (ar aon chineál conartha) nó soláthraí seirbhíse. Gníomhaíochtaí gairmiúla a rinneadh ar bhonn páirtaimseartha, is ar bhonn pro rata a dhéanfar iad a ríomh, de réir an chéatadáin dheimhnithe de na huaireanta lánaimseartha a d'oibrigh an t-iarrthóir. Cuirtear san áireamh saoire mháithreachais/saoire tuismitheora/saoire chun páiste a uchtú, más faoi chuimsiú conradh oibre atá sí. Is cuid den taithí ghairmiúil í dochtúireacht, fiú amháin nuair nach dochtúireacht ar pá í, ach tá uastréimhse 3 bliana i gceist leis sin, agus ní mór an dochtúireacht a bheith curtha i gcrích. Ní féidir aon tréimhse ar leith a chomhaireamh ach uair amháin.

- Taithí bhainistíochta: ní mór 5 bliana ar a laghad den taithí ghairmiúil iarchéime a bheith faighte i bpost bainistíochta ardleibhéil[2].

- Teangacha: ní mór d'iarrthóirí eolas cuimsitheach a bheith acu ar cheann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh[3] agus eolas sásúil a bheith acu ar cheann eile de na teangacha oifigiúla sin. Deimhneoidh na painéil roghnúcháin le linn na n-agallamh go gcomhlíonann iarrthóirí an ceanglas maidir le heolas sásúil ar cheann eile de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh. Mar chuid den tástáil chéanna d'fhéadfaí an t-agallamh nó cuid den agallamh a dhéanamh sa teanga eile sin.

- Teorainn aoise: ní mór d'iarrthóirí a bheith faoi bhun na gnáthaoise scoir, aois a sainítear gurb éard atá i gceist léi, i gcás oifigigh an Aontais Eorpaigh, deireadh na míosa ina mbeidh 66 bliana slán ag an duine (féach Airteagal 52, pointe (a) de na Rialacháin Foirne [4]).

Roghnúchán agus ceapachán

Is de réir nósanna imeachta roghnúcháin agus earcaíochta an Choimisiúin Eorpaigh a dhéanfar an roghnúchán agus an ceapachán (féach: Doiciméad maidir leis an mBeartas um Oifigigh Shinsearacha [5]).

Mar chuid den phróiseas roghnúcháin seo, cuirfidh an Coimisiún Eorpach painéal réamhroghnúcháin ar bun. Déanfaidh an painéal sin anailís ar na hiarratais go léir, déanfaidh siad an chéad fhíorú incháilitheachta ina dhiaidh sin agus sainaithneoidh siad na hiarrthóirí a bhfuil na próifílí is fearr acu i bhfianaise na gcritéar roghnúcháin atá luaite thuas, agus a bhféadfaí cuireadh a thabhairt dóibh agallamh a dhéanamh leis an bpainéal réamhroghnúcháin. Féadfar a iarraidh ar iarrthóirí doiciméid a thacaíonn leis an eolas a thugtar ina n-iarratas a chur ar fáil tráth ar bith le linn an nós imeachta. Mura gcuirtear na doiciméid sin ar fáil laistigh den sprioc-am a shocraítear san iarraidh, d'fhéadfaí iad a fhágáil as an áireamh ón roghnúchán.

Tar éis na n-agallamh sin, déanfaidh an painéal réamhroghnúcháin a gcuid conclúidí a tharraingt suas, agus molfaidh siad liosta iarrthóirí le haghaidh agallaimh eile le Coiste Comhairleach an Choimisiúin Eorpaigh um Cheapacháin. Cuirfidh an Coiste Comhairleach um Cheapacháin conclúidí an phainéil réamhroghnúcháin san áireamh agus é ag cinneadh cé na hiarrthóirí a dtabharfar cuireadh chun agallaimh dóibh.

Na hiarrthóirí a dtabharfar cuireadh chun agallaimh leis an gCoiste Comhairleach um Cheapacháin dóibh, glacfaidh siad páirt in ionad measúnaithe bainistíochta a mhairfidh lá iomlán agus a reáchtálfaidh comhairleoirí earcaíochta seachtracha. Tiomsóidh an Coiste Comhairleach um Cheapacháin gearrliosta d'iarrthóirí a mheasann siad a bheadh oiriúnach don phost, i bhfianaise thorthaí an agallaimh agus thuarascáil an ionaid measúnaithe.

Is é an Comhalta/is iad na Comhaltaí ábhartha den Choimisiún a chuirfidh agallamh ar na hiarrthóirí atá ar ghearrliosta an Choiste Chomhairligh um Cheapacháin.

I ndiaidh na n-agallamh sin, déanfaidh an Coimisiún Eorpach an cinneadh ceapacháin.

---

[2] Maidir leis na blianta uile ina bhfuair na hiarrthóirí taithí bhainistíochta, ba cheart dóibh a léiriú go soiléir ina curriculum vitae: (1) teideal agus ról na bpost bainistíochta a bhí acu; (2) an líon ball foirne a ndearna siad maoirseacht orthu agus na poist sin acu; (3) méid na mbuiséad a bhainistigh siad; (4) an líon sraitheanna ordlathais os a gcionn agus faoina mbun; agus (5) líon na bpiaraí.

[3] http://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:01958R0001-20130701&qid=1408533709461&from=ENhttps://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX%3A01958R0001-20130701

[4] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX%3A01962R0031-20140701

[5] https://commission.europa.eu/publications/documents-senior-management-selection-procedures_en (ar fáil i mBéarla amháin)

Ní mór don iarrthóir a roghnófar aon oibleagáid dlí a bhaineann le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta aige, teistiméireachtaí carachtair cuí a chur ar fáil maidir lena oiriúnaí atá sé i dtaca lena chuid dualgas a dhéanamh, agus a bheith in ann ag a chuid dualgas ó thaobh folláine coirp de.

Ba cheart don iarrthóir a roghnófar deimhniú bailí imréitigh slándála óna údarás náisiúnta slándála a bheith aige nó a bheith in ann an deimhniú sin a fháil. Is éard atá in imréiteach slándála pearsanta cinneadh riaracháin a dhéantar i ndiaidh d'údarás náisiúnta slándála inniúil an duine grinnfhiosrúchán slándála a chur i gcrích i gcomhréir leis na dlíthe agus na rialacháin náisiúnta slándála is infheidhme, agus lena ndeimhnítear go bhféadfar cead a thabhairt don duine sin rochtain a fháil ar fhaisnéis rúnaicmithe suas le leibhéal áirithe. (Tabhair do d'aire gur ar iarraidh an fhostóra amháin is féidir tús a chur leis an nós imeachta is gá maidir le himréiteach slándála a fháil, agus nach féidir sin a dhéanamh ar iarraidh an iarrthóra).

Ní bheidh rochtain ag an iarrthóir ar fhaisnéis rúnaicmithe AE (FRAE) ar an leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó os a chionn sin, ná ní fhreastalóidh sé ar aon chruinniú ag a bpléifear FRAE den sórt sin, go dtí go dtabharfaidh an Ballstát lena mbaineann an t-imréiteach slándála pearsanta agus go gcuirfear an nós imeachta imréitigh i gcrích leis an seisiún faisnéise ó Stiúrthóireacht Slándála an Choimisiúin, seisiún atá ina cheanglas dlí.

Comhdheiseanna

I gcomhréir le hAirteagal 1d de na Rialacháin Foirne, saothraíonn an Coimisiún an cuspóir straitéiseach, mar atá, an comhionannas inscne a bhaint amach ar gach leibhéal bainistíochta agus cuireann sé beartas comhdheiseanna i bhfeidhm lena spreagtar iarratais a d'fhéadfadh cur leis an éagsúlacht, leis an gcomhionannas inscne agus leis an gcothromaíocht gheografach fhoriomlán.

Coinníollacha fostaíochta

Tá na tuarastail agus na coinníollacha fostaíochta leagtha síos sna Rialacháin Foirne.

Is mar oifigeach ar ghrád AD15 a earcófar an t-iarrthóir a roghnófar. Rangófar é i gcéim 1 nó i gcéim 2 laistigh den ghrád sin, de réir fhad a thaithí gairmiúla roimhe sin.

Ba chóir don iarrthóir a roghnófar a thabhairt dá aire go gceanglaítear de réir na Rialachán Foirne nach mór do gach ball foirne nua tréimhse phromhaidh 9 mí a chur i gcrích agus toradh sásúil a bheith uirthi.

Is i Lucsamburg atá an t-ionad oibre.

Neamhspleáchas agus dearbhú leasanna

Beidh ar iarrthóirí dearbhú a thabhairt go bhfuil siad tiomanta do bheith ag gníomhú go neamhspleách ar mhaithe leis an bpobal, agus dearbhú a thabhairt maidir le haon leas atá acu a d'fhéadfaí a mheas a bheith dochrach dá neamhspleáchas.

Eolas tábhachtach d'iarrthóirí

Cuirtear i gcuimhne d'iarrthóirí gur faoi rún atá an obair a dhéanann na painéil roghnúcháin. Tá cosc ar iarrthóirí dul i dteagmháil, bíodh sí díreach nó indíreach, le comhaltaí na bpainéal sin, agus tá cosc ar aon duine eile déanamh amhlaidh thar a gceann. Ní mór gach fiosrúchán a sheoladh chuig rúnaíocht an phainéil lena mbaineann.

Cosaint sonraí pearsanta

Cinnteoidh an Coimisiún go bpróiseálfar sonraí pearsanta na n-iarrthóirí mar a cheanglaítear le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [6]. Baineann sé sin go háirithe le rúndacht agus le slándáil na sonraí sin.

Nós imeachta um iarratais

Sula gcuirfidh tú an t-iarratas isteach, ba cheart duit a sheiceáil go cúramach an gcomhlíonann tú gach ceann de na ceanglais incháilitheachta ('Ní mór d'iarrthóirí na ceanglais seo a leanas a chomhlíonadh'), go háirithe iad siúd a bhaineann leis na cineálacha dioplóma, leis an taithí ghairmiúil ardleibhéil agus leis an acmhainn teangacha atá ag teastáil. Má bhíonn aon cheann de na riachtanais incháilitheachta gan comhlíonadh, eisiafar an t-iarrthóir go huathoibríoch ón bpróiseas roghnúcháin.

Más mian leat iarratas a dhéanamh, ní mór duit clárú tríd an idirlíon ar an suíomh gréasáin seo thíos agus na treoracha maidir leis na céimeanna éagsúla den phróiseas a leanúint:

https://ec.europa.eu/dgs/human-resources/seniormanagementvacancies/

Ní mór seoladh ríomhphoist bailí a bheith agat. Bainfear úsáid as an seoladh ríomhphoist sin chun do chlárúchán a dheimhniú agus chun dul i dteagmháil leat ag céimeanna éagsúla den phróiseas. Dá bhrí sin, coinnigh an Coimisiún Eorpach ar an eolas faoi aon athrú ar do sheoladh ríomhphoist.

Chun iarratas a chríochnú, ní mór duit CV a uaslódáil i bhformáid PDF, i bhformáid CV Europass más féidir[7], agus litir inspreagtha a líonadh isteach ar líne (uasmhéid 8 000 carachtar). Is féidir leat an CV agus an litir inspreagtha a chur isteach in aon cheann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh.

Is chun do leasa é a chinntiú go bhfuil d'iarratas cruinn, críochnúil agus fírinneach.

Ar chríochnú do chlárúcháin ar líne duit, gheobhaidh tú ríomhphost a dheimhneoidh gur cláraíodh d'iarratas. **Mura bhfaighidh tú ríomhphost deimhnithe, níor cláraíodh d'iarratas!**

Tabhair do d'aire nach féidir monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn d'iarratais ar líne. Rachaidh an Coimisiún Eorpach i dteagmháil go díreach leat maidir le stádas d'iarratais.

Ní ghlacfar le hiarratais a sheolfar le ríomhphost. Má bhíonn tuilleadh eolais uait nó má bhíonn fadhbanna teicniúla agat, seol ríomhphost chuig: HR-MANAGEMENT-ONLINE@ec.europa.eu

[6] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

[7] Tá eolas le fáil faoi conas CV Europass a chruthú ar líne ag: https://europa.eu/europass/ga/create-europass-cv

Is fútsa atá sé do chlárúchán ar líne a chríochnú in am. Moltar go láidir duit gan fanacht go dtí cúpla lá roimh an dáta deiridh chun iarratas a dhéanamh, mar go bhféadfadh trácht trom ar an idirlíon nó fadhb a bhaineann leis an nasc idirlín deireadh a chur leis an gclárúchán ar líne sula mbeidh sé críochnaithe agat, rud a d'fhágfadh go mbeidh ort an próiseas iomlán a dhéanamh athuair. Nuair a bheidh an sprioc-am le hiarratas a chur isteach thart, ní bheidh tú in ann tuilleadh sonraí a chur isteach. Ní ghlacfar le clárúcháin dhéanacha.

Dáta deiridh

Is é an **17/12/2025, 12.00 meán lae, am na Bruiséile**, an sprioc-am chun clárú. Ní féidir clárú ina dhiaidh sin.